

- **Cad chuige ar chóir oidhreacht a chosaint?**

Tá oidhreacht ailtireachta ilchineálach shaibhir i gContae Dhún na nGall, agus is cuid thábhachtach í dár gcultúr agus dár bhféiniúlacht. Tá oidhreacht Dhún na nGall tábhachtach ó thaobh rathúnas eacnamaíochta an chontae, go háirithe mar acmhainn thurasóireachta cionn is go bhfuil an-tóir ag turasóirí ar dhéanamhas aitheanta ar nós Theach Sholais Fhánada agus Gleann Bheatha ach fosta cuireann an oidhreacht le tarraingteacht an Chontae mar áit chónaithe agus oibre.

- **An bhfuil gach struchtúr RPS agus NIAH faoi chosaint faoin reachtaíocht?**

Sea, tá struchtúir RPS agus struchtúir NIAH faoi chosaint ag an bPlean Forbartha Contae agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)

- **Céard é déanamhas cosanta?**

Is éard is déanamhas cosanta ann ná foirgneamh atá ainmnithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGallcinn is gur díol spéise ar leith é ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, nó de bharr cúrsaí sóisialta nó cúrsaí teicniúla. Tá sé de dhualgas ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall Taifead ar Dhéanamhais Chosanta a thiomsú agus a choinneáil dá limistéar feidhme. Bíonn an taobh istigh agus an taobh amuigh den déanamhas faoi chosaint agus na tailte agus foirgnimh eile taobh istigh de theorainn na dtailte sin, mura ndeimhneoidh an tOifigeach Caomhnaithe a mhalairt.

Is córas é an Taifead ar Dhéanamhais Chosanta atá ar fáil chun cosaint reachtúil a thabhairt don oidhreacht ailtireachta. Ní mór gach déanamhas a mheasann an tÚdarás Pleanála gur díol inspéise iad ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, nó de bharr cúrsaí sóisialta nó cúrsaí teicniúla a chur san áireamh sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta. Tá an Taifead ar Dhéanamhais Chosanta mar pháirt de Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024.

- **Cén dóigh a n-ainmnítear foirgneamh mar dhéanamhas cosanta?**

Ní mór d'Údarás Áitiúla nósanna imeachta ar leith a leanacht má tá sé beartaithe acu déanamhas ar leith a ainmniú mar dhéanamhas cosanta. Caithfidh siad fógra a thabhairt d'úinéirí agus d'áititheoirí an déanamhais, don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus eagraíochtaí forordaithe eile.

Féadfaidh úinéirí nó áititheoirí a dtuairimí a thabhairt don Údarás Áitiúil faoin ábhar atá beartaithe. Cuirfear na tuairimí nó aighneachtaí seo san áireamh sula ndéanfaidh Baill tofa an Údarás an cinneadh an déanamhas a ainmniú nó gan a ainmniú mar dhéanamhas cosanta.

- **Cad iad na dualgais a bhíonn ar úinéirí agus áititheoirí le cinntiú go ndéanfar déanamhais chosanta a chosaint?**

Tá dualgas ar úinéirí agus áititheoirí a chinntiú nach gcuirtear a bhfoirgneamh/déanamhas cosanta i mbaol trí aon díobháil ná faillí. Tá cead pleanála de dhíth faoi choinne aon oibreacha a dhéanann difear do shainghné an fhoirgnimh chosanta. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cead pleanála de dhíth faoi choinne réimse oibre nach mbeadh cead pleanála de

dhíth faoina choinne, de ghnáth.

- An bhfuil nósanna imeachta ar leith ag baint le déanmhais chosanta faoin gcóras pleanála? Cén dóigh a mbeadh fhios ag an úinéir-áititheoir cad iad na hoibreacha a bhfuil cead pleanála de dhíth faoina gcoinne?

Ní chuireann stádas déanmhas cosanta bac ar fhorbairt nó athrú d'aon chineál. Áfach, ní mór don úinéir-áititheoir dul i gcomhairle leis an údarás pleanála sula ndéanann sé/sí iarratas, nó iarratas pleanála a dhéanamh nó dearbhú a iarraidh ar an Údarás Pleanála lena chinntiú nach gcailltear gné inspéise ar bith den déanmhas le linn oibreacha/forbartha.

Má tá oibreacha beartaithe ar dhéanmhas cosanta, déantar iarratas pleanála ar an ghnáthbhealach. Beidh roinnt eolas breise de dhíth, áfach. De bharr go gcaithfidh an t-iarratas a thaispeáint an dóigh a gcuirfidh an fhorbairt atá beartaithe isteach ar thréithriocht an déanmhais, de ghnáth bíonn sonraí, ar nós líníochtaí, grianghraif agus ábhair eile chun an obair atá beartaithe a mhíniú de dhíth, le cois na sonraí a bhainfeadh le gnáthiarratas pleanála.

Cé nach mbeadh cead pleanála de dhíth faoi choinne oibreacha áirithe, de ghnáth, d'fhéadfadh sé go mbeadh cead pleanála de dhíth ar a mhacasamhail d'oibreacha ar dhéanmhais chosanta dá ndéanfadh siad difear ábhartha do shainghné an déanmhais nó gné inspéise ar bith den déanmhas. Féadfaidh úinéir nó áititheoir dhéanmhas chosanta iarraidh ar an údarás pleanála dearbhú a eisiúint ag sonrú na n-oibreacha a thig a dhéanamh nach ndéanfaidh difear ábhartha ar bith do shainghné an déanmhais

- **Dearbhú faoi Alt 57**

Féadfaidh úinéirí nó áititheoirí déanmhais chosanta 'dearbhú' a iarraidh faoi Alt 57 den Acht. Is é cuspóir an dearbhaithe seo ná a dhearbhú i scríbhinn an cineál oibreacha a dhéanfadh nó nach ndéanfadh difear ábhartha do shainghné an déanmhais nó do ghné inspéise ar bith den déanmhas.

Seolann an tÚdarás Pleanála an dearbhú saor in aisce chuig úinéir nó áititheoir an déanmhais chosanta. Eisíonn an tÚdarás Pleanála an dearbhú laistigh de 12 seachtaine ón dáta a bhfaightear an t-iarratas faoi Alt 57.

- **Dearbhú faoi Alt 5**

Faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe) féadfaidh aon duine, ar an táille fhorordaithe a íoc, dearbhú a iarraidh i scríbhinn ón Údarás Pleanála ag sonrú ar forbairt dhíolmhaithe nó nach forbairt dhíolmhaithe atá i bhforbairt ar leith de réir bhrí an Achta. Soláthróidh an duine sin aon eolas is gá chuig an údarás pleanála chun cur ar chumas an údaráis cinneadh a dhéanamh ar an ábhar.

- **Forbairt i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAs)**

Ciallaíonn limistéar caomhantais ailtireachta (ACA) áit, limistéar, grúpa déanmhas nó bailedhreach, ag cur san áireamh airde agus línte foirgnimh, ar díol spéise iad ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, nó cúrsaí sóisialta nó cúrsaí teicniúla nó a chuireann le luach déanmhas cosanta agus arb í aidhm an phlean forbartha a sainghné a chaomhnú.

Tá dhá Limistéar Caomhantais Ailtireachta i gContae Dhún na nGall, ceann i Leitir Ceanainn agus ceann i mBun Dobhráin. Tá Beartais maidir leis na limistéir seo leagtha amach i nDréachtleibhéal 2 den phlean ceantair áitiúil.

Tá cead pleanála de dhíth faoi choinne oibreacha ar bith a dhéanfadh difear do shainghné ar leith an LCA (ACA), fiú faoi choinne oibreacha nach mbeadh gá le cead pleanála ina leith, de ghnáth. Bheadh cead pleanála ag teastáil, go háirithe faoi choinne oibreacha a dhéanfadh difear den chuma atá ar an déanmhas ar an taobh amuigh, ar nós athrú ar ábhair dín, fuinneoga, ballaí teorann nó gnéithe nua a thógáil, ar nós, póirsí agus síntí.

Ba chóir duit dul i gcomhairle leis an bpleanálaí áitiúil nó le hoifigeach Caomhnaithe

Dhún na nGall má tá aon amhras ort an bhfuil cead pleanála de dhith nó nach bhfuil.

- **Naisc chuig beartais maidir le LCA (ACAs) i Leitir Ceanainn agus i mBun Dobhráin**
- **An bhfuil deontais le fáil?**
 - An Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha 2018 (ar an leathanach gréasáin)
 - Ciste na nDéanmhas i mBaol 2018 (ar an leathanach gréasáin)
 - Deontais atá ar fáil ó fhoinsí eile:
 - Cumann Seoirseach na hÉireann – Tá scéim deontais á reáchtáil ag Cumann Seoirseach na hÉireann le roinnt blianta. Cuireann an clár deontais tacaíocht airgid ar fáil d’oibreacha ar dhéanmhais a bhfuil sárghiúntas ailtireachta ag baint leo. Chun breis eolais a fháil faoin scéim deontais seo, féach ar leathanach gréasáin Chumann Seoirseach na hÉireann <http://www.igs.ie/updates/article/igs-conservation-grants-programme-2017>
 - An Chomhairle Oidhreachta – Reáchtálann an Chomhairle Oidhreachta scéimeanna deontais ar bhonn bliantúil. Chun breis eolais a fháil, féach ar leathanach gréasáin an Chomhairle Oidhreachta <http://www.heritagecouncil.ie/funding>
 - An Scéim Deontais Tuíodóireachta – Tairgeann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil deontais bheaga i leith chostas díonta tuí tithé úinéir-áitithe a athchóiriú. Le breis eolais a fháil faoin scéim seo, féach ar leathanach gréasáin na Roinne <http://www.housing.gov.ie/housing/grantsfinancial-assistance/thatching-grant/thatching-grants>
- **An bhfuil cumhachtaí speisialta ag údaráis pleanála faoi choinne déanmhas cosanta?**

Tá cumhachtaí breise ag na hÚdaráis Pleanála anois faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Leasuithe) lena chinntiú go ndéanfar na déanmhais atá liostaithe ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta a chosaint.

Áfach, ní úsáidtear na cumhachtaí seo ach i gcásanna eisceachtúla nuair a theipeann ar achan iarracht eile réiteach a fháil. Féadfaidh Údarás Pleanála:

- Iachall a chur ar úinéir nó áititheoir dhéanmhas cosanta oibreacha a dhéanamh i gcás go measann an t-údarás go bhfuil an déanmhas i gcontúirt nó go bhféadfadh go mbeadh sé i gcontúirt amach anseo.
- Iachall a chur ar úinéir nó áititheoir oibreacha a dhéanamh i gcás go measann an t-údarás gur chóir sainghné an déanmhais a athchóiriú.
- Seilbh a ghlacadh ar dhéanmhas cosanta, trí chomhaontú nó go héigeantach, i gcás go measann an t-údarás go bhfuil sé seo inmholta nó riachtanach chun an déanmhas a chosaint.
- I gcás go dteastaíonn ón Údarás áitiúil go ndéanfaí oibreacha ar dhéanmhas cosanta a mheasann an t-údarás a bheith i gcontúirt, d’fhéadfadh sé go mbeadh an t-úinéir in ann deontas a fháil faoi na scéimeanna deontais faoi choinne déanmhas cosanta a chaomhnú.

○ **De ghnáth, bíonn cead pleanála de dhíth faoi choinne oibreacha mar seo a leanas:**

Bíonn cead pleanála de dhíth faoi choinne oibreacha a dhéanann difear ábhartha do shainghné an déanmhais, mar a leanas:

- Síneadh
- Athruithe ar an taobh amuigh
- Athruithe ar an leagan amach inmheánach
- Athruithe ar dhromchlaí, bailchríoch nó lineálacha inmheánacha
- Feistiú nó deisiú sheirbhísí meicniúla inmheánacha meilnInstallation

○ **Cén cineál oibreacha nach mbíonn cead pleanála de dhíth faoina gcoinne?**

Oibreacha nach ndéanfadh difear ábhartha ar bith do shainghné an fhoirgnimh. Ní mheasfaí, de ghnáth, go ndéanfadh oibreacha cothabhála a dhéanfaí de réir Threoirlínte Caomhantais na Roinne Comhshaoil difear ábhartha do shainghné an déanmhais agus, mar sin ní bheadh cead pleanála de dhíth faoina gcoinne sin.

○ **Foinsí comhairle**

Ba chóir d'úineirí nó bainisteoirí Déanmhas Cosanta comhairle a iarraidh ar ghairmithe cáilithe, má tá sé beartaithe acu obair a dhéanamh ar Dhéanmhas Cosanta. D'fhéadfadh sé gur ailtire caomhantais, innealtóir caomhantais nó gairmí eile a bheadh fóirsteanach, ag braith ar an chineál foirgnimh, tábhacht, dála agus scála na hoibre atá i gceist.

Tá cuid mhór cláir ar fáil ar a bhfuil gairmithe liostaithe:

- Tá Eolaire Ailtirí Cláraithe ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, ina bhfuil sonraí creidiúnaithe caomhantais. D'ullmhaigh IRAÉ córas creidiúnaithe a léiríonn leibhéal éagsúla saineolais speisialtóirí, chun cuidiú le tomhaltóirí Cleachtas seirbhís gairmiúla a roghnú má bhíonn siad ag iarraidh seirbhísí gairmiúla um chaomhantas ailtireachta. Tá trí Ghrád Creidiúnaithe i gceist, is é Grád 1 an grád is airde agus is é Grád 3 an bunleibhéal le clárú ar an gcóras. Tá na sonraí ar fad agus cuntas ar an chineál oibre a dhéantar ag gach grád le fáil ar <https://www.riai.ie/>
- Chomhbhunaigh an Institiúid Innealtóirí Sibhialta (ICE) agus an Institiúid Innealtóirí Struchtúrtha (IStructE) An Clár um Chreidiúnú Caomhantais d'Innealtóirí (CARE), chun innealtóirí a ainmniú atá inniúil i gcaomhnú déanmhas agus láithreáin stairiúla. Is creidiúnú de chuid an Ríocht Aontaithe é seo ach de bharr socraithe a rinneadh le hInnealtóirí na hÉireann, is féidir le cleachtas Éireannacha clárú leis an gClár CARE fosta. Tá liosta iomlán de bhaill CARE atá ag obair in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le fáil ar <http://www.engineersireland.ie/groups/care.aspx>
- Lena chois sin, tá liosta de Chomhairleoirí Caomhantais le fáil ar shuíomh gréasáin Chumann Seoirseach na hÉireann. <http://www.igs.ie/conservation/register>